Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2021
(OR. en)

9366/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0210(COD)**

**CODEC 809**
**PECHE 177**
**CADREFIN 273**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 13 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 42, 43(2), 91(1), 100(2), 173(3), 175, 188, 192(2) , 194(2) agus 195(2) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 9 Deireadh Fómhair 2018[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 12 Nollaig 2018[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019[4].

[1] 9627/18
[2] IO C 461, 21.12.2018, lgh. 125–146
[3] IO C 110, 22.3.2019, lgh. 104-111
[4] 8052/19

5. An 22 Feabhra 2021, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iascach (PECH) an comhaontú sealadach agus sheol cathaoirleach an Choiste litir an 25 Feabhra 2021 chuig cathaoirleach Coreper á dhearbhú gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

6. An 3 Márta 2021, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:

   – a seasamh ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in 6975/21 + REV 1 (lt), agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 6975/21 ADD 1, a ghlacadh mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, agus an tSualainn ag vótáil ina choinne agus an Liotuáin ag staonadh;

   – an ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ón gCoimisiún agus an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún a fhormheas, mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta.

8. An ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ón gCoimisiún agus an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún do mhiontuairiscí chruinniú na Comhairle, leagtar amach iad in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta. Na ráitis ón Liotuáin, ón tSualainn agus ón gCoimisiún do mhiontuairiscí chruinniú na Comhairle, leagtar amach in Aguisín 2 iad.